



Tuarascáil Oifig um Chlárú Cuideachtaí 2010

## **CLÁR ÁBHAR**

<b>1. RÉAMHRÁ</b>	<b>1</b>
<b>2. FEIDHMEANNA CRO</b>	<b>1</b>
<b>3. NUA I 2010</b>	<b>7</b>
<b>AGUISÍN 1: MIONSTAIDREAMH</b>	<b>10</b>
<b>AGUISÍN 2: AIRGEADAS</b>	<b>33</b>
<b>AGUISÍN 3: CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ AGUS DAOINE ÚDARAITHE EILE</b>	<b>34</b>

## RÉAMHRÁ

Is é seo a leanas Ráiteas Misin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO):

*maoirseacht a dhéanamh ar an ráta agus cáilfocht is airde de na tuairisceáin bhliantúla a chomhdaíonn cuideachtaí i gcomhréir leis na forálacha ábhartha reachtúla agus a chinntíú go léireoidh an fhaisnéis faoi na cuideachtaí arna foilsíú ag an CRO an fhaisnéis sin a sholáthar na cuideachtaí.*

Ag deireadh 2010, bhí tuairim is 185,000 cuideachta ar an gclár, agus dá bharr comhdaíodh 373,000 aighneacht leis an CRO le linn 2010. B'ionann ioncam CRO don bhliain agus €20.25m, méid a bhí 10% níos ísle ná an méid de €22.6m a fuarthas in 2009.

I leathanaigh a dó go dtí a naoi den tuarascáil seo tugtar forbhreathnú gairid ar phríomhghníomhaíochtaí agus feidhmeanna an CRO le linn na bliana 2010. Leagtar amach miondealú níos mionsonraithe de na gníomhaíochtaí agus staitisticí éagsúla sna hagusíní a leanas.

Sheachaid an CRO a mhisean go láidir in 2010, lena mbaintear amach an sprioc de 88.3% de na cuideachtaí a bheith suas chun dáta maidir le comhdú na dtuairsceán bliantúil faoi dheireadh na bliana.

## FEIDHMEANNA AN CRO

Is i roinnt aonad gnó feidhmeach cúloifige agus túslíne laistigh de na hoifigí ag Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath agus ag Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach a rinneadh gníomhaíochtaí an CRO do 2010, dírithe ar a spriocanna gnó a sheachadadh. San áireamh sna príomhfheidhmeanna agus príomhgníomhaíochtaí le linn 2010 bhí:

### Corprú Cuideachta Nua

Le linn 2010 tháinig méadú ar líon na gcuideachtaí nua a corpraíodh i gcomparáid le 2009, corpraíodh 1,100 cuideachta nua gach mí ar an meán. I rith 2010, seachadadh na trí scéim um chorprú cuideachta, mar a leagtar amach thíos, go comhsheasmhach laistigh dár spriocanna i leith seirbhíse do chustaiméirí agus de na hamscálai tiomanta.

Fe Phráinn – 10 lá oibre  
CRODisk – 5 lá oibre  
Gnáthscéim – 15 lá oibre;

An 23 Nollaig 2009 síníodh Acht na gCuideachtaí (Forálacha Éagsúla) agus tugadh in éifeacht é. Leis seo éascaítear do ghnóthais infheistíochta comhchoitinne ó dhlínsí forordaithe iarratas a chur isteach ar chorprú trí mhodh leanúnachais in Éirinn mar chuideachta infheistíochta.

I ndiaidh an Ordú um Thosach Feidhme ar 6 Meán Fómhair 2010 a shíniú, ghlac an CRO iarratas ó ghnóthais infheistíochta comhchoitinne a raibh ag aistriú go hÉirinn agus corpraíodh agus cláraíodh an chéad iarratas dá leithéid le linn mí na Nollag 2010.

Faoi láthair, is iad seo a leanas na dlínsí forordaithe:

- Beirmiúda,
- Oileáin Bhriotanacha na Maighdean,
- Oileáin Caymen,
- Geansaí,
- Manainn,
- Geirsí.

### **Clárú Ainmneacha Gnó**

Aistríodh an fheidhm maidir le hainmneacha gnó go dtí an oifig CRO i gCeatharlach go luath in 2010. Mar thoradh air seo, bhí gá le hathbhreithniú phróiseas gnó agus athchóiriú na nósanna imeacht agus clár oiliúna do na baill fairne ábhartha i gCeatharlach.

Tháinig laghdú suntasach ar amanna próiseála d'íarratais ar ainm gnó - cláraítear agus eisítear teastais do 66% de na hiarratais a chomhlánaítear i gceart laistigh de 10 lá oibre agus cuireadh i gcrích 91% dóibh laistigh de 20 lá oibre.

B'ionann lón na n-ainmneacha nua gnó cláraithe ag an CRO in 2010 agus 28,089 méadú de 9% ó 2009. Comhdaíodh thart ar 80% de na hiarratais ar ainm gnó go leictreonach in 2010.

### **An Oifig Faisnéise, Fiosrúchán agus Airgid**

Le linn 2010, bhunaigh an CRO a réimsí um sheirbhís chustaiméara duine le duine tríd an Oifig Airgid leis an Aonad Faisnéise agus Fiosrúchán Chuntair Phoiblí. Leis an atheagrú seo, agus na baill fairne tiomnaithe don Oifig Airgid, cuireadh feabhas ar fheidhm agus éifeachtúlacht na hOifige Airgid, agus tugtar tacaíocht di tríd an infhaighteacht de phearsanra a bhfuil taithí acu agus na scileanna agus eolas ábhartha acu ón Aonad Faisnéise agus Fiosrúchán Chuntair Phoiblí. Bhí an t-aiseolas ó na custaiméirí agus ó na láithreoirí an-dhearfach i ndiaidh an athraithe

In 2010, fuair an Oifig Airgid 91, 455 cáipéis san ionlán ó dhaoine a tháinig go pearsanta go dtí an Oifig.

Soláthraíonn an tAonad Faisnéise seirbhís duine le duine do chustaiméirí a théann i dteaghmháil leis an Oifig ar an teileafón, trí fhacs, tríd an bpost nó trí ríomhphost. Is é an buntáiste a bhaintear as seo go réitítear ceisteanna i ndiaidh an chéad ghlaao a chuirtear ar an oifig. Dá bharr sin, ní bhíonn gá le glaonna a aistriú agus maolaítear frustrachas an chustaiméara. Dá bharr sin, feidhmíonn sé mar sheirbhís duine le duine do lón fairne na hoifige, a chuireann ar a gcumas a gcuid tasc áirithe a chomhlíonadh gan cur isteach orthu, mar sin, ní thógann sé chomh fada sin orthu doiciméid chomhdaithe a phróiseáil.

D'fhreagair an tAonad Faisnéise níos mó ná 77,000 glao teileafóin le linn 2010, is é sin beagnach 1,500 glao teileafóin in aghaidh na seachtaine ar an meán.

Le linn 2010, rinneadh beagnach 9,500 ríomhphost a fhreagairt tríd an gcóras láimhsithe ríomhphoist ar ([info@cro.ie](mailto:info@cro.ie)). Freagraíodh beagnach 98% díobh sin tréimhse níos luaithe ná 8 n-uaire tar éis dóibh iad a fháil.

Le linn 2010, lean lucht Fiosrúcháin agus Chuntar Tosaigh an Aonaid ar aghaidh ag déileáil leo siúd a chuir glao chuig an CRO idir 9.30 agus 16.30. Chomh maith le cabhrú le glaoiteoirí pearsanta a bhfuil ceisteanna acu, bainistíonn an tAonad na hiarratais ar chóipeanna d'aighneachtaí a chomhdaigh cuideachtaí, mar aon le heisiúint na ndeimhnithe dúblacha agus na litreach stádais.

Déanann an tAonad Faisnéise rannpháirtíocht an CRO a eagrú ag taispeántais, ag seimineáir agus ag laethanta oscailte. Le linn 2010, rinne an tAonad ionadaíocht thar ceann an CRO ag líon imeachtaí, agus ghlac sé páirt i dtionscnaimh áirithe den Bhord Fiontar Chontae chomh maith le bheith ina óstach do shainghrúpaí sonrach earnála agus cur i láthair a thabhairt dóibh.

Le linn 2010, d'eagraigh agus reáchtáil an CRO roinnt cúrsaí oiliúna foirne speisialta inmheánacha i gcomhréir le tiomantas leanúnach an CRO maidir le hoiliúint agus forbairt foirne.

## **Ioncam CRO**

Sháraigh an CRO a fhigiúr admhála measta de €18m agus fuarthas €20.25m le linn 2010.

Is laghdú de 10% é seo ón bhfigiúr in 2009 de €22.6m. Cuireadh na hadmhálacha don bhliain 2010 sna príomhchatagóirí seo a leanas:-

<b>Ioncam CRO</b>	<b>Táirgeacht 2009</b>	<b>Táirgeacht 2010</b>	<b>Meastachán 2011</b>
<b>Pionóis i gcás comhdú nach ndéantar in am</b>	<b>€12.8m</b>	<b>€11.31m</b>	<b>€9.7m</b>
<b>Táillí aighneachtaí</b>	<b>€8.2m</b>	<b>€7.72m</b>	<b>€7.2m</b>
<b>Táillí fiosrúcháin &amp; díolacháin bhuilc</b>	<b>€1.5m</b>	<b>€1.11m</b>	<b>€1.0m</b>

Tá an laghdú seo ó 2009 mar thoradh air seo a leanas:

Tá laghdú de bheagnach €1.5m tagtha ar phionós i gcás comhdú nach ndéantar in am i gcomparáid le figiúirí ó 2009. Le feachtais fhorfheidhmithe diana, tháinig méadú ar líon na gcuideachtaí atá ag comhdú in am agus b'ionann líon na gcuideachtaí a bhí suas chun dáta ag 31 Nollaig 2010 agus 88.3%.

Tá laghdú de thart ar €0.5m ar ioncam táille mar thoradh ar an laghdú 3.5% a tháinig ar líon iomlán na ndoiciméad a comhdaíodh sa bhliain 2010 agus ar an méadú i líon na gcáipéis a chomhdaítear go leictreonach. I gcás tuairisceáin bhliantúla pháipéir, bíonn na táillí cothrom le dhá oiread na dtáillí i gcás doiciméad a chomhdaítear go leictreonach agus i bhformhór na gcásanna bíonn doiciméad eile a chomhdaítear go leictreonach saor in aisce. Mar shampla, cosnaíonn comhdú leictreonach

na dtuairisceán bliantúla €20 i gcomparáid le €40 don fhoirm pháipéir. Tháinig méadú de 12,000 ar líon na dtuairisceán bliantúil in 2010, rud a chiallaíonn go bhfuarthas €240,000 níos lú maidir le táillí comhdaithe na dtuairisceán bliantúil amháin.

## Ríomhchomhdú

Leanann an CRO ar aghaidh ag cur ríomhchomhdú chun cinn mar an modh comhdaithe ar fearr leis an CRO. Tá éifeachtúlacht agus buntáistí costais suntasacha aige do láithreoirí agus don CRO araon. Ach fós ceadaítear comhdú páipéir san CRO áfach i gcásanna nuair a roghnaíonn láithreoirí gan ríomhchomhdú a dhéanamh. Scantar na haighneachtaí páipéir go léir ar an gclár chun a chinntiú go mbeidh rochtain leictreonach ag an bpobal orthu. In 2009, b'ionann líon na gguardach a rinneadh ar líne ar an gclár CRO agus 96.75% san ionlán. In 2010, mhéadaigh sé seo go 98.2%.

Tháinig méadú suntasach ar an nglacadh le ríomhchomhdú le linn 2010. Comhdaíodh 58% de na cáipéisí go léir go leictreonach. Ríomhchomhdaíodh 66% de na Tuairisceáin Bhliantúla, is é sin méadú de 10% ó 2009.

San áireamh sna nithe atá beartaithe do 2011 tá tabhairt isteach ar líne den fhoirm A1 um Corprú Cuideachta Nua i CORE.

## CORE (Timpeallacht Chláraithe do Chuideachtaí ar Líne)

Cuireann CORE ar chumas láithreoirí teacht ar fhaisnéis atá cothrom le dáta faoi na cuideachtaí a mbíonn siad mar ghníomhairí comhdaithe dóibh i dtimpeallacht bhainistithe. Ina theannta sin, ligtear do chustaiméirí teacht ar ráitis agus ar idirbhearta a gcuid cuntas. Tá sé ag éirí níos coitianta agus bíonn thart ar 16,000 duine aonair ag féachaint air gach mí, suas 5,000 ó 2009.

## Bunachar Sonraí Rialachán – Uath-chlárú

Le linn thréimhse dheireanach na bliana 2009, chuir an CRO síneadh lena chuid inneall rialachán leis an B2 agus B10 a chur san áireamh, ar cinn leictreonacha iad. Ina theannta sin, rinneadh tús-ualú na bhfoirmeacha a fheabhsú, m.sh., ní féidir ach oifigigh reatha cuideachta a roghnú le foirm a shíniú. Le linn na bliana 2010, bhí 45% de na foirmeacha leictreonacha B10 go léir, 53% de na foirmeacha B1 agus 60% de na foirmeacha B2 á gclárú go huathoibríoch.

Mar thoradh ar uath-chlárú, tháinig feabhas suntasach ar na hamanna a thógtar a chlárú agus éascaítear don CRO déileáil le líon na mball foirne atá á laghdú san Oifig.

## Lóisteálacha Poist agus Tuairisceáin Bhliantúla

Is é an oifig i gCeatharlach an t-ionad ina fhaightear an post don CRO agus is í a feidhm na cáipéisí go léir a fhaightear sa phost a fháil agus a scanadh ionas go mbeadh siad ar fáil do na rannóga clárúcháin in oifig Bhaile Átha Cliath agus don phobal i gcoitinne chomh luath agus is féidir.

Tá seirbhís chustaiméara mar thus áite sa Rannóg agus déantar gach iarracht a chinntiú go bhfreagraítear go prap na ceisteanna a thagann ó ghlaaoiteoirí teileafóin, agus go bhfreagraítear

ríomhphoist laistigh de 24 uair agus an comhfhereagras laistigh de choicís.

Is é príomhchúram Oifig Cheatharlach na tuairisceáin bhliantúla a phróiseáil agus as an 170,000 tuairisceán bliantúil a fuair an CRO in 2010 fuarthas 133,000 (78%) díobh i gCeatharlach. Leanann an fhoireann próiseála ar aghaidh ag obair chun feabhas a chur ar chálíocht na n-aighneachtaí a fuarthas ar an gClár.

Comhdaíodh thart ar 66% de na tuairisceáin bhliantúla go leictreonach in 2010.

Go traidisiúnta, áfach, go príomha i mí Dheireadh Fómhair, mí na Samhna agus Eanáir ar am buaice é, nuair a thagann méadú ar líon na dtuairisceán bliantúil a faightear ó tuairim is 12,000 go 17,000, 32,000 agus 16,000 in aghaidh gach mí faoi seach. Lean Rannóg na Lóisteálacha Poist ar aghaidh in 2010 chun déileáil le buaic shéasúrach go tráthúil agus déantar na riaráistí a ghlanadh laistigh de sheachtain nó deich lá.

## Forfheidhmiú

In 2010, lean an CRO ag aghaidh ag cur i bhfeidhm an forfheidhmiú d'Achtanna na gCuideachtaí i gcoinne cuideachtaí atá ar mhainneachtain dá ndualgas comhdaithe maidir le tuairisceáin bhliantúla trí bhaint ainneonach den liosta, ionchúisimh chuideachta agus trí iarradh ar Chaingean Ard-Chúirte (alt 371).

Chríochnaigh agus sheol an CRO páipéis chuir Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun tús a chur le próiseas alt 371 maidir le 60 cuideachta faoi dheireadh 2010. Faoi Alt 371 bhí fógraí tugtha do 373 cuideachta agus do 852 stiúrthóir de na cuideachtaí sin le linn 2010.

Ionchúisíodh 93 cuideachta maidir le teip ar thuairisceáin bhliantúla a chomhdú, agus ciontaíodh 49 dóibh siúd agus gearradh fineálacha de €63,000 orthu ar an iomlán.

Athbhunaíodh 659 cuideachta ar an gclár. D'éirigh go maith leis an áis athbhunaithe mhear atá ar fáil sna maidineacha amháin.

In imeacht na bliana, lean an CRO air ag cabhrú le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) trí mhionnscríbhinní agus trí theastais tacaíochta a sholáthar, mar chuid dá bheart chun stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte a dhícháiliú nó le srian a chur orthu. Chuíchóirigh an CRO eisiúint na litreach meabhrúcháin do chuideachtaí a bhaineann le baint as féideartha trí dhá litir a chónascadh. Cuireadh stop le heisiúint na litreach meabhrúcháin i ndiaidh ARD chuir na stiúrthóirí. Ach leantar le litreacha dá leithéid a eisiúint do chuideachtaí áfach. Eisítear litreacha meabhrúcháin réamh-ARD do na cuideachtaí go léir agus do na stiúrthóirí a bhfuil droch-stair comhdaithe acu.

## Morgáistí agus Muirir

Le linn 2010 bhí dúshláin shuntasach ann do fhoireann phróiseála an Rannóg Morgáistí agus Muirear sa CRO. Taifeadadh méadú ar líon agus castacht na n-aighneachtaí le linn 2010, amhail agus gníomhaíocht bhaincéireachta na hÉireann maidir le leabhair iasachta áirithe a aistriú don

Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, chomh maith le hathbhreithnithe ó iasachtóirí ar a socruithe slándála i bhfianaise go ginearálta ar an gcosúlacht d'fhorfheidhmiú d'amhail slándáil a bheith riachtanach, mar gheall ar an dtimpeallacht eacnamaíoch reatha. Tháinig méadú ar lón na Morgáistí Breithiúnais a fuarthas ó 156 in 2009 go 268 in 2010, lena léirítéar freisin cad atá ag tarlú sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Mar thoradh ar na saincheisteanna seo, níor baineadh amach próiseáil na n-aighneachtaí laistigh de 20 lá oibre sna cásanna go léir in 2010, ach téitear tríd na riaráistí go córasach agus athúsáidtear na hacmhainní breise ón am sin go dtí an réimse seo.

Coimeádadh liosta Slavenburg cothrom le dáta le gur féidir an pobal breathnú air. Coimeádadh an clárú sásaimh cothrom le dáta chomh maith.

## Dócmhainneacht

Bhain an CRO a sprioc amach maidir le cáipéisí leachtaithe agus glacadóireacht laistigh de mhí amháin ón am a fuarthas é in ainneoin méadú i lón na n-aighneachtaí. Chomh maith leis sin coinniódh clár suas chun dáta de stiúrthóirí dícháilithe/srianta. Leanadh le tuairiscí ó chuideachtaí á n-eisiúint don ODCE ar bhonn rialta.

## Cáipéisí Iar-Chorpaithe

Uair agus a corporaítear cuideachta nua, beidh dualgais chomhdaithe fós aici leis an CRO ar bhonn bliantúil agus ad hoc. Mar shampla, má éiríonn stiúrthóir as agus má cheaptar stiúrthóir nua, ní mór d'fhógra faoi na hathruithe seo a chomhdú leis an CRO. Is lón mór é lón na n-aighneachtaí dá leithéid arna gcomhdú ah cuideachtaí, le 78,000 athrú stiúrthóra nó athrú seoladh cuideachta arna chomhdú leis an CRO le linn 2010. B'fhachtóir tábhachtach é an úsáid fheabhsaithe de ríomhchomhdú agus uathchlárú a rinne an CRO maidir le tréimhsí ama a choinneáil laistigh de theorainneacha réasúnta.

Tháinig méadú beag ar lón na gcáipéisí a bhaineann le scaireanna in 2010 i gcomparáid le 2009 agus tháinig laghdú beag ar lón iomlán na gcáipéisí neamhchláraithe le linn na bliana. Chuir an rannóg seo túis le cleachtadh scóipe maidir le tionscadal atá mar fheidhm aige na riaráistí de cháiapéisí B5 a dhíothú ar bhonn céimiúil.

## Foilseacháin

Seoladh suíomh gréasáin uasghrádaithe an CRO i mí Feabhra 2010. Tá rochtain níos fearr ar an láithreán gréasáin seo agus féadtar é a úsáid ar shlí níos fearr, chomh maith le cuma níos fearr air. Tá úsáideoirí ábalta nascleanúint a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge agus rinneadh uasghrádú ar an áis cuardaigh. Tá bileoga faisnéise ar fáil le híoslódáil sa dá theanga ón suíomh gréasáin. Sheol an tAire Billy Kelleher an suíomh go hoifigiúil i mí an Mhárta 2010.

Lean an rannóg ar aghaidh lena cúram d'fheasacht phoiblí a mhúscailt faoi ghníomhaíochtaí an CRO. I mí na Nollag, bhí feachtas fógraíochta lenar cuireadh béim ar chórás leictreonach iomlán an CRO le haghaidh tuairisceán bliantúil a chomhdú le cuntais shínithe. Seoltar fógraí rialta ríomhphoist (ar a dtugtar "e-zines") chuig custaiméirí atá cláraithe leis an Oifig. Rinne an CRO

athbhrandáil i mbliana freisin d'fhoí a chinntíú go gcomhlíonann ár bhfoileacháin na riachtanais Ghaeilge.

Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim Ghaeilge arna haontú ag an CRO/RFS agus An Coimisinéir Teanga in 2009, i ndiaidh an chéad bhliain d'fheidhmiúchán agus bhí An Coimisinéir Teanga sásta le comhlíonadh an CRO/RFS leis an scéim sin. Mhol an Coimisinéir Teanga roinnt gnímh bhig agus cuireadh i bhfeidhm iad.

## NITHE NUA IN 2010

### Cuntas PDF - Córás Leictreonach Iomlán le haghaidh Tuairisceán agus Cuntas Bliantúil a Chomhdú agus a Shíniú

In 2010 thug an CRO córas leictreonach iomlán isteach le haghaidh tuairisceán bliantúil a chomhdú le cuntas shínithe don chéad uair riamh. Anois féadtar sraith chuntais PDF a iarcheangal leis an bhfoirm leictreonach B1 tuairisceáin bhliantúil i CORE (timpeallacht chomhdaithe CRO ar líne) i mbealach atá chomh simplí le ceangaltán a chur le ríomhphost agus síniú digiteach a chur air le síniú ó Sheirbhísí na gCoimisinéirí loncaim ar líne.

### Iniúchóirí Neamhchláraithe

Faoi bhun IR 220 de 2010, is é an CRO an tÚdarás Inniúil ainmnithe chun an clár poiblí d'iniúchóirí reachtúla a choimeád, agus tá sé ar fáil ar líne [www.cro.ie](http://www.cro.ie). Tugann na Comhlachtaí Cuntasáiochta Aitheanta (na RABanna) in Éirinn fógra don CRO ar bhonn seachtainiúil maidir lena liostaí d'iniúchóirí údaraithe atá suas chun dáta.

Le linn 2010 rinne Rannóg na dTuairisceán Bliantúil cleachtadh bailiúcháin de thuairisceáin bhliantúla agus aimsíodh go raibh roinnt cuntas iniúchta sínithe ag duine nó gnólacht nach bhfuil ar an gclár poiblí d'iniúchóirí reachtúla arna choimeád ag an CRO. De réir Achtanna na gCuideachtaí is cion é a bheith ag feidhmiú mar iniúchóir nuair nach bhfuiltear cáilithe lena dhéanamh, arna ionchúiseamh ag an ODCE, agus oibríonn an CRO go dlúth leis maidir leis an saincheist seo.

Le linn 2010 chomhoibrigh an CRO agus na comhlachtaí Cuntasáiochta ina n-iarrachtaí chun réiteach a aimsiú lena n-éascaítear do thuarascálacha na n-iniúchóirí arna síniú ag iniúchóirí neamhchláraithe a aithint agus stop a chur leo ar an gclár. Rinneadh dul chun cinn réasúnta maidir leis seo agus tá roinnt beart beartaithe le cur i bhfeidhm go luath in 2011.

### Díláirú

D'fhágair an Rialtas roimhe seo an díláirú den CRO go Ceatharlach mar chuid den phlean díláraithe le haghaidh roinnt feidhmeanna den Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tá 42 ball foirne den CRO lonnaithe i gCeatharlachanois. I mí na Samhna 2008, deonaíodh an Bord Pleanála cead pleanála orthu don phríomhfhaoigrneamh díláraithe i gCeatharlach. Ach, i mBuiséad 2009 áfach fógraíodh go mbeadh tionscadail tógála áirithe iarchurtha, lena n-áirítear oifigí díláraithe na Ranna i gCeatharlach ar chúiseanna costais ar feitheamh ar athbhreithniú iomlán ar an gClár Díláraithe sa dara leath de 2011.

## **Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh le linn 2010**

Le I.R. 542 of 2009 ceanglaítear ar eagraíochtaí na hearnála poiblí tuairisc a thabhairt maidir lena n-úsáid fuinnimh agus na gníomhartha a rinneadh chun ídiú a laghdú.

Is é an CRO an príomhúsáideoir fuinnimh de Theach Parnell (67%) agus roinneann sé an foirgneamh, lena n-áirítear ceaintín, 3 sheomra cruinntithe, leithris agus áit fáiltithe le Cláraitheoir na gCara-chumann (RFS) agus an tÚdarás Iomaíochta. Is é CRO Ceatharlach an príomhúsáideoir fuinnimh de Bhóthar Uí Bhriain (33%) agus roinneann sé a bhfoirgnimh leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA) agus roinneann sé na haiseanna ceaintín, leithris agus áit fáiltithe. Aithníodh an Fhoireann Fuinnimh i dTeach Parnell sa tionscnamh **Optimising Power @ Work** in 2010 agus tháinig an foirgneamh sa dara áit don chatagóir *Best Performing Building – Air Conditioned Buildings*.

In 2010, d'úsáid CRO/RFS (Baile Átha Cliath & Ceatharlach) 881.21MWh d'fhuinneamh ina raibh:

- 392.04MWh de leictreachas;
- 489.17MWh de bhrefosláí iontaise, agus is é gás nádúrtha an t-aon breosla iontaise a úsáidtear.
- Ní úsáideann an CRO aon brefosláí in-athnuaithe faoi láthair.
- Astuithe CO<sub>2</sub>: 333,057.23kg

### **Féadtar an t-ídiú fuinnimh a chur sna catagóirí seo a leanas:**

- Baile Átha Cliath – 758.38MWh d'fhuinneamh ina bhfuil:
- 334.08MWh de leictreachas;
- 424.30MWh de brefosláí iontaise, agus is é gás nádúrtha an t-aon breosla iontaise a úsáidtear.

### **Ceatharlach – 122.83MWh d'fhuinneamh ina bhfuil:**

- 57.96MWh de leictreachas;
- 64.87MWh de brefosláí iontaise, agus is é gás nádúrtha an t-aon breosla iontaise a úsáidtear.

### **Gníomhartha a Rinneadh in 2010:**

- Feasacht fuinnimh á chur i láthair do bhaill foirne (an dá shuíomh).
- Seoltar ríomhphoist maidir le fuinneamh a shábháil chuiig baill foirne chun go smaoinídís faoi mhonatóirí ríomhairí, printéirí, srl. a chasadadh as gach tráthnóna.
- ‘No-Lift Days’ in aghaidh na míosa (Teach Parnell).
- Iniúchadh fuinnimh lasmuigh de ghnáthuaireanta.
- Laghdú suntasach ar uaireanta feidhmiúcháin an tAonad Láimhseála Aeir.
- Amadóirí teasa cláraithe go rialta i gcomhréir le coinníollacha aimsire reatha.

## **GNÍOMHARTHA BEARTAITHE DO 2011:**

- Póstaeir Feasachta Fuinnimh Nua le taispeáint ar fud an fhoirgnimh (an dá shuíomh).
- Cur i láthair do bhaill foirne (an dá shuíomh).
- Suiteáil de Chóras Bainistíochta Fuinnimh (BMS) chun monatóireacht/rialú a dhéanamh ar an gcóras teasa san fhoirgneamh (an dá shuíomh).
- Bolgáin solais atá éifeachtacht ó thaobh fuinnimh de a chur isteach agus braiteoirí gluaiseachta (Teach Parnell).
- Iniúchadh fuinnimh lasmuigh de ghnáthuaireanta.

# AGUISÍN 1

## MIONSTAIDREAMH

Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar an gClár

Comhdhéanamh an Chláir ag Deireadh 2010

	2009	%	2010	%
Príobháideach Teoranta	160,266	86.58	160,349	86.40
Poiblí Teoranta	1,708	0.92	1,717	0.92
Neamhtheoranta	3,737	2.02	3,927	2.12
Ráth	15,562	8.41	15,649	8.43
Seachtrach	3,791	2.05	3,945	2.13
EEIG	20	-	20	-
Iomlán	185,044		185,608	

Nóta: níl cuideachtaí atá á leachtú san áireamh sa tábla seo.

Gníomhaíocht ar Chláir na gCuideachtaí in 2010

	2009	2010	% +/-
Lín ionlán na gCuideachtaí Nua Cláraithe as seo bhí	13,321	14,013	+5.19
Príobháideach Teoranta	12,396	13,054	+5.3
Poiblí Teoranta	133	164	+23.31
Neamhtheoranta	136	220	+61.76
Ráth	656	575	-12.35
Athshlánaithe			
Ag cuideachtaí laistigh de bhliain ó bheith bainte den chláir	787	498	-39.27
Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda	188	161	-15.43
Cuideachtaí a Díscaoileadh	12,513	13,399	
Athrú Glan	+1,783	+1,273	

Lín ionlán na gcuideachtaí nua ionchorpraithe in 2010: 14,013

Lín ionlán na gcuideachtaí a díscaoileadh le linn 2010: 13,399

Lín ionlán na gcuideachtaí a athshlánaíodh chuig an gclár in 2010: 659

Lín na gcuideachtaí aon bhall ar an gclár: 43,391

## Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár

Déanann alt 311(8) agus alt 311A d'Acht na gCuideachtaí, 1963, agus alt 12B.(3) agus alt 12C d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982 foráil d'athshlánú cuideachta díscaoilte chuig Clár na gcuideachtaí. Féadann cuideachta a bheith athshlánaithe chuig an gClár trí iarratas a dhéanamh go dtí :

- An Ardchúirt sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscaoilte
- An Chúirt Chuarda sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscaoilte, sa chás gur creidiúnaí an t-iarratasóir
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula mbeidh dhá mhí dhéag téaltaithe ón dáta díscaoilte, sa chás go ndéanann an chuideachta an t-iarratas, nó go ndéantar ar a son é.

Bliain	Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár	Cuideachtaí ar an gClár	%
2004	729	157,502	0.5
2005	673	160,707	0.4
2006	954	170,719	0.6
2007	805	180,891	0.4
2008	834	184,306	0.5
2009	975	185,052	0.5
2010	659	185,608	0.35

## Clár Seachtrach

Cuideachtaí ar an gclár seachtrach an 31 Nollaig 2010:

	2009	2010
Brainsí (AE)	1,400	1,472
Brainsí (Neamh-AE)	339	352
Áit Ghnó	2,048	2,121
Iomlán ar an gclár seachtrach	3,787	3,945

## Athruithe ar ainm cuideachta

Le linn 2010, ceadaíodh 1,832 athrú ar ainmneacha cuideachtaí. Áirítear ar an bhfigiúr sin cuideachtaí a éilíodh orthu a n-ainmneacha a athrú faoi Alt 23(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963. In 2009, bhí 1,962 athrú ar ainmneacha cuideachtaí agus bhí 2,069 in 2008.

## Cumasc Trasteanann

Fuarhas ceithre chuideachta trí reachtaíocht um Chumasc Trasteanann in 2010 agus rinneadh ceithre chuideachta eile a chomhghabháil. Rinneadh iarratas ar 5 eadáil eile nach bhfuil curtha i gcrích go fóill agus pleanáladh go ndéanfaí ceithre chuideachta eile a chomhghabháil in 2010. Fuarhas 10 gcuideachta faoin reachtaíocht go dtí seo, agus rinneadh 13 chuideachta a chomhghabháil.

Bliain	Trí éadáil	Trí ionsú
2008	1	2
2009	5	7
2010	4	4

## Societas Europaea

Cuireadh 4 Societas Europaea ar an gclár sa Stát le linn na bliana.

Bliain	Isteach	Amach
2008	1	0
2009	2	2
2010	4	0

## Imircí Chiste Infheistíochta

Cláraíodh cuideachta amháin sa Stát ar leanúint i ndiaidh imirce isteach faoi alt 256F Acht na gCuideachtaí 1990 arna chur isteach le hAlt 3(j) d'Acht na gCuideachtaí 2009 (Forálacha éagsúla).

## Cead “Teoranta” a fhágáil amach as ainm

In 2010, tugadh cead do na cumainn/cuideachtaí seo a leanas “Teoranta” a fhágáil amach as a n-ainmneacha:

A & C FOUNDATION  
ADDERGOOLE TITANIC SOCIETY  
AER LINGUS CHARITABLE FOUNDATION  
AHEAD  
AISLING LAWLESS FOUNDATION  
AN TSLÍ ATLANTACH  
ASSOCIATION OF PLUMBING AND HEATING CONTRACTORS IRELAND  
BANGLADESH ASSOCIATION OF IRELAND  
BESTWAY INTERNATIONAL CHRISTIAN CENTRE (BICC)  
BIOMEDICAL / CLINICAL ENGINEERING ASSOCIATION OF IRELAND  
BUSH OLD SCHOOLHOUSE TRUST  
CENTRE FOR EFFECTIVE SERVICES  
CHRISTIAN LIFELINE GLOBAL  
CITIZEN OF THE KINGDOM MINISTRIES INTERNATIONAL  
CLARE LOCAL DEVELOPMENT COMPANY  
COISTE FORBARTHA POBALA AN INBHEAR COMHLUCHT  
COTTAGE HOME CHILD AND FAMILY SERVICES  
DALKEY ARCHIVE PRESS IRELAND  
DEBT MANAGEMENT ASSOCIATION OF IRELAND  
DHAMMAKAYA IRELAND  
DUBHLINN NA LINNE  
DUBLIN YOUTH ORCHESTRAS  
FARRANFERRIS FOUNDATION  
FUXING FOUNDATION  
GAA SOCIAL INITIATIVE  
GLENCAR COMMUNITY PARK  
GLOBAL FAITH DIMENSIONS  
HELUM ARTS  
INSTITUTE OF CHARITY  
IRELAND REACHING OUT  
IRISH ASSOCIATION FOR PALLIATIVE CARE  
IRISH BALLET FORUM  
IRISH NONPROFITS KNOWLEDGE EXCHANGE  
IRISH PREMATURE BABIES  
IRISH RAYNAUD'S AND SCLERODERMA SOCIETY  
IRISH SOCIETY FOR PARENTERAL AND ENTERAL NUTRITION  
IRISH STEM CELL FOUNDATION  
IRISH VETERINARY NURSING ASSOCIATION  
LOCAL LIVES FOUNDATION  
LORETO INSTITUTE PROPERTY TRUST  
MUSIC HARVEST

Cead “Teoranta” a fhágáil amach as ainm

NEWSONG FM  
OLDER & BOLDER  
OWNING CARE FOR THE ELDERLY  
PEÑA FLAMENCA EL INDALO  
POSITIVE BEHAVIOUR IRELAND  
SAINT AUGUSTINE GLOBAL FOUNDATION  
SHRI RAM CHANDRA MISSION IRELAND  
TAOIST TAI CHI SOCIETY OF IRELAND  
THE 50TH INTERNATIONAL EUCHARISTIC CONGRESS  
THE FRIENDS OF ST. BRIGID'S HOSPICE AND HOME CARE SERVICES  
THE LIBYAN IRISH BUSINESS COUNCIL SECRETARIAT  
THE MARY ROBINSON FOUNDATION  
THE NTR FOUNDATION  
THE OLIVE FOUNDATION  
THE ROOT OF DAVID  
WILL OUR WORLD

## Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin in 2010

### An próiséas um Baint den Liosta

Cuideachtaí a díscaoileadh (bainte den liosta mar níor chomhadaigh siad tuairisceáin)	6,272
Cuideachtaí a díscaoileadh faoi Alt 882 de na hAchtanna Comhdhlúite Airgeadais (Bainte den liosta ag na Coimisinéirí Ioncaim)	140
Cuideachtaí a díscaoileadh (bainte den liosta go toilteanach)	5,488

### Ionchúisimh Chuideachtaí

Líon na gCuideachtaí a ionchúisíodh	93
Líon na gCuideachtaí a ciontaíodh	49
Méid iomlán ma bhfíneálacha a gearradh	€63,010
Meánfhíneáil a gearradh	€1,285.92

### SÓCMHAINNEACHT

#### Fógraí glacadóireachta a fuarthas

	2008	2009	2010
larratas chuig an gcúirt ar cheapadh scrúdaitheora :	58	113	41
Ordú cúirte ag ceapadh scrúdaitheora :	49	84	28
Ordú cúirte ag deimhniú scéim na socruithe :	30	62	25
Ordú cúirte ag leasú scéim na socruithe :	30	31	14
Ordú cúirte ag cur deireadh le cosaint na cúirte :	3	6	9
Scrúdaitheoirreachtaí i bhfeidhm ag deireadh na bliana :	6	25	9

#### Scrúdaitheoirreacht:

Chuaigh 28 cuideachta is a naoi faoi scrúdaitheoirreacht in 2010 faoi dheireadh na bliana, d'fhill 15 díobh ar ghnáth-stádas, chuaigh 2 faoi leachtú cúirte agus ghlacadóireacht, chuaigh 2 cinn faoi ghlacadóireacht agus bhí 9 cuig chuideachta faoi scrúdaitheoirreacht ag deireadh 2010.

## Glacadóireachtaí

	2009	2010
Líon na gcuideachtaí faoi ghlacadóireacht faoi dheireadh na bliana	427	732
Líon na gcuideachtaí a chuaigh faoi ghlacadóireacht i rith na bliana	205	388

